Mífhaisnéis

Oide

Ciallaíonn **mífhaisnéis** faisnéis bhréagach a scaipeadh go neamhbheartaithe gan rún dochar a dhéanamh. Tarlaíonn mífhaisnéis nuair a scaipeann daoine aonair nó eagraíochtaí faisnéis bhréagach i ngan fhios dóibh féin, go minic mar gheall ar shonraí nach bhfuil deimhnithe i nuacht te bruite, sin nó fíricí nó figiúirí neamhdhearbhaithe a roinnt. Bhain an téarma clú agus cáil amach nuair a d'ainmnigh dictionary.com gurbh é Focal na Bliana é in 2018.

Sa saol nua-aoiseach, is féidir le mífhaisnéis scaipeadh go tapa trí na meáin shóisialta, láithreáin ghréasáin, nó ó bhéal go béal. Is féidir leis na mílte duine postáil nó scéal nuachta amháin gan deimhniú ar líne a roinnt sula gceistítear a chruinneas.
D'fhéadfadh mífhaisnéis eascairt as earráidí i dtuairisciú, míthuiscint fíricí, nó eolas neamhiomlán faoi ábhar.
Ceann de na príomhchúiseanna a scaipeann mífhaisnéis toisc go dteipeann ar dhaoine go minic cruinneas an mhéid atá á roinnt acu a fhíorú. Mar shampla, agus duine faoi dheifir chun scéala úrnua a roinnt, d'fhéadfadh sé sonraí a chur as a riocht, nó d'fhéadfadh sé glacadh le ráfla gan deimhniú amhail is gurb é an fhírinne é.

Samplaí de Mhífhaisnéis

- **Ráflaí sna Meáin Shóisialta:** Postáil bhréige a scaiptear go rábach m.sh.. faoi dhuine cáiliúil nuair a bhíonn an fhaisnéis bréagach, arna roinnt ag na milliúin úsáideoirí gan fíricí a sheiceáil.

- **Scéalta Nuachta Bréagacha:** Tuairisc nuachta a thugann sonraí míchearta faoi imeacht reatha mar gheall ar earráidí nó easpa foinsí iontaofa, mar shampla, i dtuairisc faoi thubaiste nádúrtha, d'fhéadfaí sonraí míchearta a thabhairt faoi líon na mbásanna.

Conas a Scaipeann Mífhaisnéis

- **Na Meáin Shóisialta:** Is timpeallachtaí tapa iad ardáin shóisialta cosúil le X, Facebook, agus Instagram inar féidir mearscaipeadh a dhéanamh ar mhífhaisnéis go tapa. D'fhéadfadh úsáideoir faisnéis bhréagach a roinnt go neamhbheartaithe, agus is féidir leis an mífhaisnéis teacht ar lucht féachana leathan i mbeagán ama.
- **Aimpliú na Meán:** Uaireanta, méadaíonn na meáin mífhaisnéis, go háirithe nuair is scéal gáifeach nó tarraingthe airde a bhíonn ann. D'fhéadfadh asraonta nuachta tuairisc a thabhairt ar imeacht nó ar éileamh gan deimhniú, agus is féidir go roinnfí é sin tuilleadh.



Foinse: https://www.britannica.com/topic/misinformation

CC BY NC